Coup d'état

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar scéal faoin *coup d'état* i Maenmar. Sula bhféachfaidh tú ar an mír, an féidir leat na focail agus na frásaí ar chlé a mheaitseáil leo siúd ar dheis?

1. leadership	*a) le ráithe*
2. state of emergency	b) *a chur as a riocht*
3. commander	c) *leathchéad bliain*
4. for a three month period	d) *ceann feadhna*
5. a huge majority	e) *drochbhail*
6. 50 years	f) *lucht ceannaireachta*
7. army rule, domination	g) *forlámhas an airm*
8. corruption, fraud	h) *a chur ar neamhní*
9. ill-treatment	i) *caimiléireacht*
10. to distort	j) *staid éigeandála*
11. to nullify	k) *tromlach mór millteach*

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11

Cad a bhí ag an duine in aice leat?

Anois, féach ar an tuairisc den chéad uair le feiceáil an féidir leat na focail sin a aithint sa mhír nuachta.

Ceist 2 Féach ar an tuairisc den dara huair agus scríobh síos abairt nó dhó ag míniú ábhar na míre. Cad a bhí ag an duine in aice leat.

Ceist 3 Féach ar an tuairisc arís agus freagair na ceisteanna seo:

1. Cad iad na horduithe a thug an t-arm tar éis dóibh staid éigeandála a fhógairt?

2. Cé hí Aung San Suu Kyi?

3. Cén fáth a bhfuil teannas i Maenmar le tamall anuas?

4. Cad a thuairisc AFP?

5. Cad é an teachtaireacht a chuir Suu Kyi ar leathanach Facebook a páirtí?

6. Cé hiad na Róihinsí?

7. Cad a dúirt an rialtas in Washington?

Ceist 4 '…ghabh…'

Bhí na briathra seo thíos le cloisteáil san aimsir chaite sa mhír.
Gabh Bí (tá) Buaigh

Scríobh amach san aimsir chaite anois iad i ngach pearsa. Cum an fhoirm cheisteach de gach briathar freisin agus na freagraí dearfacha agus diúltacha. Féach ar na samplaí seo a leanas chun cuidiú leat.

Ceannaigh
Cheannaigh mé leabhar suimiúil an mhí seo caite.
Ar cheannaigh tusa aon rud le déanaí?
Cheannaigh.
Níor cheannaigh.

Bris
Bhris mo dheartháir a mhéar an tseachtain seo caite.
Ar bhris tú féin aon chnámh riamh?
Bhris.
Níor bhris.

Ceist 5 Toghcháin

1. Éist leis an mír arís agus breac síos gach focal a chloiseann tú a bhaineann le toghcháin. Féach an bhfuil na focail chéanna ag an duine in aice leat.
2. Déan cur síos anois ar an olltoghchán deireanach a bhí i do thír féin, ag úsáid na bhfocal sin.

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat, nó le do ghrúpa.

1. Cad atá ar eolas agat faoin tír Maenmar?
2. Ar cheart do thíortha fanacht glan ó fhadhbanna tíortha eile, de ghnáth? Mínigh.
3. Dá mbeifeá in ann cuairt a thabhairt ar aon tír ar domhan amárach, cá rachfá? Cén fáth?

Treoracha agus Freagraí
Ceist 1

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11
f	j	d	a	k	c	g	i	e	b	h

Ceist 2
Féach an script.

Ceist 3
Féach an script.

Ceist 4
Ghabh mé, tú, sé ,sí, muid (*nó* ghabhamar), sibh, siad.
Ar ghabh…? Ghabh. Níor ghabh.

Bhí mé, tú, sé ,sí, muid (*nó* bhíomar), sibh, siad.
An raibh…? Bhí. Ní raibh.

Bhuaigh mé, tú, sé ,sí, muid (*nó* bhuamar), sibh, siad.
Ar bhuaigh…? Bhuaigh. Níor bhuaigh.

Ceist 5
- tofa
- toradh an toghcháin
- bua
- tromlach
- olltoghchán
- vóta
- iarrthóirí
- ó comhaireadh na vótaí

Ceist 6
Is féidir gach grúpa a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Siún Nic Gearailt
Tá lucht ceannaireachta go domhanda tar éis *coup d'état* atá tarlaithe i Maenmar a cháineadh go tréan. Ar maidin, ghabh an t-arm ceannaire tofa na tíre, Aung San Suu Kyi, agus comhaltaí sinsearacha eile sa rialtas. Ní ghlacann an t-arm le toradh an toghcháin roimh an Nollaig, nuair a bhí bua ollmhór ag páirtí Suu Kyi.

Maolra M Mac Donnchadha
Tá staid éigeandála fógartha ag an arm agus beidh siad i gceannas, a deir siad, go ceann bliana. Tá stáisiúin teilifíse bainte den aer agus an córas teileafóin agus an t-idirlíon múchta ag na ginearáil. Tá na bainc dúnta freisin, orduithe ar fad atá déanta ag an gceannasaí nua, ceann feadhna an airm, Min Aung Hlaing.

Le ráithe, tá an teannas ag géarú sa tír, ó bhuaigh an Conradh Náisiúnta ar son an Daonlathais, faoi stiúir Aung San Suu Kyi, tromlach mór millteach san olltoghchán i mí na Samhna. Bhíodar níos láidre fiú ná cúig bliana ó shin, nuair a tháinig an bhean a bhuaigh gradam Nobel na Síochána i gceannas, tar éis leathchéad bliain d'fhorlámhas an airm i mBurma.

Deir an t-arm go raibh caimiléireacht na milliún vóta, a deir siad, sa toghchán is deireanaí nuair a theip go dona ar na hiarrthóirí a bhí roghnaithe ag an arm. Gabhadh Suu Kyi agus an tUachtarán tofa, May Win Myint, roimh bhreacadh an lae inniu, cúpla uair an chloig sula raibh an pharlaimint nuathofa ceaptha tionól, an chéad uair ó comhaireadh na vótaí.

Tá airí rialtais sna réigiúin i bhfad ón ardchathair gafa freisin, a deir iriseoirí AFP[1]. Níl sé ach cúpla lá ó chuir Suu Kyi teachtaireacht ar leathanach Facebook a páirtí, ag impí ar dhaoine gan géilleadh agus gan glacadh leis, dá dtarlódh *coup*.

Go dtí seo, níl le feiceáil ar na sráideanna ach líon beag ag ceiliúradh bheart an lucht mhíleata. Tuairiscítear go bhfuil ardmheas fós sa tír ar Suu Kyi, ach go hidirnáisiúnta níltear chomh tógtha léi mar gheall ar an drochbhail atá curtha ar an mionlach Moslamach, na Rohingya[2], teifigh ina dtír féin.

Tráthnóna, tá Rialtas na hÉireann, agus an tAontas Eorpach agus na Náisiúin Aontaithe ar fad, tar éis lámh láidir an airm a cháineadh. Deir Meiriceá nach féidir toradh an toghcháin a chur as a riocht. Rachfar i mbun gnímh, arsa Washington, mura scaoiltear saor an dream atá gafa agus mura gcuirtear an *coup d'état* ar neamhní.

Maolra Mac Donnchadha, Nuacht TG4.

[1] *Agence France-Presse*
[2] *Na Róihinsí* an leagan Gaeilge